



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Aistear (2024) mar Chreatchuraclam na Luath- Óige bunaithe ar chearta

Feabhra 2025

Clár an Ábhair

Cúlra.....	1
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh	1
Neamh-leithcheal.....	2
Leas an linbh.....	3
An ceart chun na beatha, chun marthana agus chun forbartha.....	4
An ceart chun éisteacht a fháil.....	5
Conclúid	7
Tagairtí	8

Cúlra

Leis an bpáipéar seo, breithnítear conas is féidir cearta naíonán, lapadán agus leanaí óga a bhaint amach ‘san’ oideachas luath-óige agus ‘tríd’ an oideachas luath-óige (Lundy, 2012) sa leagan nuashonraithe den doiciméad *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [CNCM], 2009; Rialtas na hÉireann [RnaÉ], 2024). Forbraíodh *Aistear* (CNCM, 2009) ar dtús chun tacú le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch leanaí ón mbreith go slánaítear 6 bliana d’aois, agus cur chuige leanbh-lárnach á ghlacadh ina gcuirtear béim ar leith ar oideolaíochtaí súgradhbhunaithe.

I gcomhréir le forbairtí beartais agus athruithe i sochaí chomhaimseartha na hÉireann, cinneadh an Creat a nuashonrú i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, agus an cheist á cur le fáil amach cad é a bhí ag obair go maith agus cad é a bhí le hathrú nó le nuashonrú in *Aistear*. Chomh maith le dul i gcomhairle le hoideoirí, tuismitheoirí agus daoine gairmiúla eile (CNCM, 2023; 2024), choimisiúnaigh CNCM comhairliúcháin le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga freisin (O’Toole, Walsh agus Kerrins *et al.*, 2023; O’Toole, Ward agus Walsh *et al.*, 2024) agus léirbhreithniú ar an litríocht (French agus McKenna, 2022). Ar na príomhtheachtairí ó Chéim 1 agus Céim 2 (CNCM, 2023; 2024) den chomhairliúchán comhcheangailte, lorgaíodh tagairt níos follasaí a dhéanamh do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, mar shaoránaigh ag a bhfuil cearta agus freagrachtaí acu atá éiritheach; coincheapa na héagsúlachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú a thuilleadh; aird níos mó a tharraingt ar thábhacht idirghníomhaíochtaí agus caidreamh; agus béim a chur ar lárnacht na foghlama trí bheith ag spraoi agus trí eispéiris phraiticiúla agus é sin a athdhearbhú.

Forbraíodh an Creat nuashonraithe (RnaÉ, 2024) ó na torthaí chun na teachtaireachtaí tábhachtacha sin a léiriú. Tá *Aistear* (RnaÉ, 2024) bunaithe ar na Prionsabail a chuirtear i láthair mar an bhunchloch d’fhoghlaim agus forbairt leanaí sa luath-óige. Liostaítear na Prionsabail mar Shaoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda; Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú; Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí; Teaghlach agus Pobal; Oideoirí Gníomhaíocha; Aistrithe; Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch; Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla; agus Timpeallachtaí Foghlama. Léirítear gach Prionsabail dóibh ó thaobh naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus aird á tarraingt ar ról an oideora chun guth agus tionchar a éascú i luathfhoghlaim agus luathfhorbairt. Tá na teachtaireachtaí sin a bhaineann le cothromas, saoránacht, ionchuimsiú, meas agus freagracht fite fuaite ar fud na dTéamaí seo a leanas: Folláine; Féiniúlacht agus Muintearas; Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Gabhann Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama le gach Téama lena ndéantar cur síos ar ardaidhmeanna faoina bhfoghlaimeoidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga trí churaclam ar bhonn fiosrú agus atá éiritheach.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Chun cearta leanaí a chur i bhfeidhm i luath-óige, is gá “leanaí óga a aithint mar ghníomhaithe sóisialta ó thús an tsaoil ag a bhfuil ábhair spéise, cumais agus leochaileachtaí ar leith, agus is gá na ceanglais atá ann maidir le cosaint, treoir agus tacaíocht a thabhairt san áireamh i bhfeidhmiú a gceart a aithint freisin” (Na Náisiúin Aontaithe (NA), 2006; Ich. 2). De réir an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh (CCL) (NA, 1989), tá cearta daonna ag leanaí faoin dlí idirnáisiúnta, ón mbreith go slánaítear 18 mbliana d’aois, mar rannpháirtithe agus gníomhaithe gníomhacha an athraithe ina saol féin. San am céanna, aithnítear leis go bhfuil leanaí óga, go háirithe, leochaileach agus ag

brath ar dhaoine fásta mar gheatóirí na gceart sin. Tá sé tábhachtach dúshláin a aithint agus a mheas, dúshláin a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn guthanna, lena n-éistear go hannamh, a aithint, a léirmhíniú, a thuiscint agus a éascú (RLCMLÓ, 2019). D'fhéadfadh sé go mbeadh claonadh atharthaíoch ann díriú ar na gnéithe cosantacha de CCL le linn a bheith ag obair le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga, agus féachaint orthu mar fhaighteoirí éighníomhacha seachas meas a bheith orthu mar bhaill ghníomhacha de theaghlaigh, pobail agus grúpaí cairdis ag a bhfuil a gcuid ábhar spéise agus tuairimí féin (Byrne agus Lundy, 2019; Gottschalk agus Borhan, 2023; Monta, 2023). Tá ganntanas taighde ann a bhaineann le taithí saoil naíonán agus lapadán (Quennerstedt, 2011; French agus McKenna, 2022), agus tá tionchair aige sin, dá bharr sin, ar thuiscint a fháil ar a bpeirspictíochtaí agus ar thionchar a nguthanna.

Sa Choinbhinsiún, sainaithníodh Airteagal 2 (Neamh-leithcheal); Airteagal 3 (Leas an linbh); Airteagal 6 (Ceart chun na beatha, chun marthana agus chun forbartha) agus Airteagal 12 (Ceart chun éisteacht a fháil) mar na ceithre phrionsabal ghinearálta atá trasnaíoch, uilíoch agus fite fuaite le chéile (NA, 2003). Feidmeoidh na prionsabail ghinearálta sin mar lionsa trína mbreithneofar sa páipéar seo cearta leanaí san Aistear (RnahÉ, 2024) nuashonraithe. Trí chur chuige criticiúil a ghlacadh maidir le scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar chearta leanaí a chur le chéile laistigh den chreachuraclam, tá rún ann tuiscint ar an mbealach a gcuirtear CCL i bhfeidhm go hiomlánaíoch sa luath-óige a chur chun cinn, rud a chuidíonn, ar an dóigh sin, le meas níos mó a léiriú ar leanaí (Reynaert *et al.*, 2012).

Neamh-leithcheal

Ag teacht le hAirteagal 2, in Aistear luaitear go bhfuil ceart ag na naíonáin, na lapadáin agus na leanaí óga uile teacht ar eispéiris agus páirt fhóinteach a ghlacadh iontu, chun barr a gcumais mar dhaoine aonair uathúla a bhaint amach. Tá feachtas d'aon turas ann ar aois, inscne, cumas (míchumas), stádas teaghlaigh, eitneacht, cultúr agus spioradáltacht ar fud an Chreata, rud a thagann le tuiscint ar éagsúlacht an teaghlaigh, an bhaile agus an phobail sa luath-óige (NA, 2006). Tugadh aird ar leith, le linn na bpróiseas comhairliúcháin, chun bheith ag plé le réimse leathan guthanna chun a chinntiú go bhfreagraítear leis an gCreat do chearta agus riachtanais leanaí agus a gcuid dteaghlach (CNCM, 2023; 2024). Cé go gcuirtear béim ar an éagsúlacht a cheiliúradh, cuirtear fócas tábhachtach freisin ar an mbealach a dtugaimid cosúlachtaí agus ceangailteacht faoi deara i ndomhain shóisialta leanaí, agus iad sin á nascadh le spriocanna foghlama solúbtha agus inrochtana sna Téamaí. Maidir le cothromas rannpháirtíochta sa churaclam, is gá a bheith ar an eolas faoi na haoiseanna agus na céimeanna difriúla d'fhorbairt leanaí, rud a chuireann Archard agus Skivenes (2009) i láthair mar bhreithiúnas meáite agus ómósach ar inniúlachtaí leanaí. Ciallaíonn sin tiomantas go "néistfear leis an leanbh", (Archard agus Skivenes, 2009; Ich. 9) agus tuiscint a fháil ar an gcastacht a bhaineann le hilmhódúlacht gutha linbh a aithint agus a léirmhíniú. Le 'guth' in Aistear tagraítear don iliomad bealaí a gcuireann naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a gcuid tuairimí, mothúchán agus braistintí in iúl.

Tá tuiscint ar chearta leanaí sa churaclam bunaithe ar íomhá ómósach den leanbh, agus a chuid nó a cuid uathúlachta, láidreachtaí agus cumas a fheiceáil (Malaguzzi, 1997; Sorin, 2005; Moss, 2014; CNCM, 2015) seachas talamh slán a dhéanamh de go bhfuil an leanbh neamhinniúil nó éagumasach, rud a chuireann Lundy (2007) i láthair mar bhacainn fhéideartha lena chuid nó lena cuid ceart a bhaint amach san oideachas. Cuireann Chicken agus Tyrie (2023) béim ar an tábhacht a bhaineann le leanaí óga a shuíomh mar dhéantóirí brí cumasacha agus gníomhaíocha sa luath-

óige, agus é á áitiú go bhfuil an íomhá sin den leanbh ar cheann de na híomhánna is gaire do pheirspictíocht ceart leanaí. In *Aistear*, cuirtear íomhá i láthair den naíonán, den lapadán agus den leanbh óg agus é nó í “gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach” (lch. 9), ag a bhfuil guth agus tionchar ar a chuid nó a cuid foghlama féin. Féachtar le croí na hóige a léiriú ann ach béim a chur ar ‘lúcháir’, ‘dóchas’, ‘sonas’ agus ‘spraoi’, rudaí a bhféadfaí taithí a fháil orthu trína ndomhan a thaiscéaladh go cruthaitheach agus go samhlaíoch. Mar sin féin, leis an gCreat aithnítear, mar is gá, an bhéim ar cheangail mhothúcháin le daoine fásta sa luath-óige chun freagairt do theastálacha agus riachtanais naíonán, lapadán agus leanaí óga le haghaidh cothú, cúraim, treorach agus cosanta (NA, 2006).

Leas an linbh

In *Aistear*, aithnítear go mbíonn leanaí ag brath ar dhaoine eile chun a gcuid ceart a bhaint amach trí íomhá a chur i láthair den oideoir agus é nó í freagrúil, comhbhách, gníomhaíoch agus machnamhach. Le staidéar a rinne Lundy *et al* (2024) le déanaí, cuirtear béim ar an eolas agus ar na scileanna lena bhfuil gá ag an oideoir chun aiseolas a léirmhíniú, a fhreagairt agus a thabhairt do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga. Ach béim a chur ar thuiscint a fháil ar oideolaíocht mhall chaidreamhach ar bhonn praiticiúil, tacaítear le hoideoirí chun aithne a chur ar an naíonán, an lapadán agus an leanbh óg – chun rudaí a mhoilliú, chun bheith i láthair agus freagrúil, chun a gcuid féiniúlachtaí agus cumas a thabhairt faoi deara agus a gcuid cumais a fheiceáil. Ar an dóigh sin, is féidir cearta cosantacha agus rannpháirtíochas a bhaint amach ach an tam agus an spás a chruthú chun freagairt do ghuth an linbh. Mar sin féin, tá baol ann gurb é a thioctadh as easpa tuisceana ar aimpléiseacht mhothúcháin leanaí, mar a thug Drury agus Ruckart (2023) faoi deara, go measfaí nach bhfuil a gcuid spásanna agus grúpaí sóisialta chomh luachmhar céanna le spásanna agus grúpaí sóisialta daoine fásta. Aithníonn an Coimisiún Eorpach (2014) agus Comhairle na hEorpa (2020) araon lárnacht an ról atá ag múinteoirí agus oideoirí luath-óige chun cearta leanaí a chur chun cinn. Trí naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a bhunú mar “Saoránaigh Ghníomhaíochas Dhomhanda” (RnahÉ, 2024) ag a bhfuil cearta agus freagrachtaí atá éiritheach, tá freagra á thabhairt in *Aistear* do Straitéis an Aontais (an Coimisiún Eorpach, 2021) chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí a fhorbairt chun iad a chumasú le bheith ina “saoránaigh ghníomhacha” i sochaí dhaonlathach. Mar sin féin, tá an coincheap sin a bhaineann le “saoránach gníomhaíoch domhanda” ar cheann de na coincheapa lenar féidir an dinimic cumhachta a cheistiú, chomh maith leis an gcothromaíocht-idir cearta agus freagrachtaí atá éiritheach sa luath-óige (CNCM, 2023). Ceann de na príomhchuspóirí atá ag *Aistear* is ea foghlaim agus forbairt leanaí a chur chun cinn, faoi threoir, rud atá antábhachtach, cur chuige eolasach ceart-bhunaithe i leith oideachas. Ag teacht le hAirteagal 5, lena mbreithnítear ar “inniúlachtaí” leanaí “atá ag forbairt” mar phrionsabal cumasúcháin, is éard atá i gceist le tuiscint ar “freagrachtaí atá éiritheach”, tuiscint lena naithnítear próisis aibithe, foghlama agus na hinniúlachtaí agus na meonta forásacha a chothaítear sa luath-óige.

Is é an tuiscint a bhaineann Chicken agus Tyrie (2023) as cumas gníomhúcháin a chumasú sna luathbhlianta, ná coincheap atá leabaithe i gcur chuige atá bunaithe ar chearta chomh maith leis an tsamhail thógalach shóisialta. Ar an dóigh chéanna, le staidéar Sualannach Quennerstedt's (2016) ar leanaí atá idir 1 bhliain agus 3 bliana d'aois, léirítear samplaí cumhachtacha de chumas gníomhúcháin ó thaobh úinéireachta, tionchair agus comhluacha. Leis an léiriú ar inniúlachtaí naíonán agus lapadán agus iad i mbun idirbheartaíochta faoi chastacht a gceart mar ‘úinéirí’ na

mbréagán agus na nacmhainní a bhí ina seilbh go sealadach i dtimpeallacht na réamhscoile , léirítear go soiléir conas is féidir cearta a thuiscint ag aois óg. Sa seomra naíonán, léirítear struchtúir shochaíocha an cheannais agus an íslithe de réir mar a chuir siad a dtoil in iúl agus a rinne siad eolas an bhealaigh le tuiscint ar chomhionannas lena gcuid píaí agus oideoirí. Léirítear dearcadh an duine fhásta arís i staidéar Drury agus Ruckart (2023) inar thaispeán siad gurb amhlaidh nuair a bhí tuairimí fíora ag duine faoi inniúlachtaí agus cumais naíonán agus lapadán, go mbíonn deis níos fearr ag na leanaí a gcuid barúlacha agus tuairimí a chur in iúl. In *Aistear* agus sa treoir ina dhiaidh sin chun tacú lena chur i bhfeidhm sa chleachtas, déantar cuid mhór dul chun cinn chun athchoincheapú a dhéanamh ar thógáil naíonán, lapadán agus leanaí óga agus ar thógáil ina dhiaidh sin ag oideoirí chun oideolaíocht atá eolasach ó thaobh ceart a chur chun cinn. Trí leanaí a chumasú mar shaoránaigh dhomhanda ghníomhacha, cuirtear béim ar ról an oideora in *Aistear* (2024) trí éascaíocht a dhéanamh do chearta naíonán, lapadán agus leanaí óga chun aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don timpeallacht (féach Skehill agus Daly, 2023), agus trí na leibhéil tacaíochta agus teorach a thairgeann sé nó sí do leanbh a choigeartú (NA, 2006).

An ceart chun na beatha, chun marthana agus chun forbartha

Tá Airteagal 6, an ceart chun marthana agus forbartha, leabaithe in *Aistear* (RnaÉ, 2024), lena n-áirítear cearta cosantacha agus rannpháirtíochta araon. Sa Chreat, leabaítear aitheantas ar leochaileachtaí leanaí óga i leith bochtaineachta, breoiteachta, caillteanais agus angair eile agus beart a dhéanamh chun freagairt do leanaí agus aire a thabhairt dóibh le linn na dtráthanna sin. Aithníonn NA gurb éard atá “mar an túsphointe chun na cearta atá ag gach leanbh óg le linn na céime rithábhachtaí sin dá saol a bhaint amach, meas a léiriú ar na hábhair spéise, na heispéiris agus na dúshláin leithleacha atá roimhe” (NA, 2006; Ich. 3). Maidir leis an Téama Folláine atá in *Aistear*, baineann sé le naíonáin, lapadán agus leanaí óga a bheith “muiníneach, áthasach agus sláintiúil” (Ich. 12), agus béim ar leith ar chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí leis an teaghlach, le cairde, le hoideoirí agus leis an bpobal, agus ar lárnacht an chórais tacaíochta sin chun aire a thabhairt do gach leanbh agus gach leanbh a chothú. Tagann an Téama sin go háirithe le CCL (Airteagail 24, 27, 28, 29 agus 31) ó thaobh cearta leanaí chun sláinte, cothaithe, slándála, sábháilteachta chomh maith le rochtain ar oideachas súgradhbhunaithe ar ardchaighdeán, rud atá mar bhunchloch an Chreata. Maidir le castacht an chúraim agus an oideachais sa luath-óige, léirítear sin i solúbthacht *Aistear* ina gcuirtear luach ar dhoroainteacht ceart leanaí maidir leis sin, agus ina bhfuiltear ag tacú leo. Le hidirspleáchas an chúraim agus an oideachais, léirítear idirspleáchas ceart leanaí, ina n-áirítear Prionsabail chun spás a chruthú ina gcumasaítear do leanaí a bheith seanmhar agus rathúil.

Tá díospóireachtaí a bhaineann le cearta agus folláine leanaí ábhartha go háirithe sa luath-óige i bhfianaise leibhéil an spleáchais ar an duine fásta chun éisteacht le guth an linbh agus freagairt dó. Is minic a phléitear coincheapa na folláine agus chearta na leanaí le chéile i dtaighde, ach dar le Lundy (2014) ní “leathchúplaí iad ach col ceathracha – gaolta, go cinnte, ach ag a bhfuil ginealach difriúil” (Ich. 2440). I ndearbhú simplíoch, cuireann Bradshaw (2007) folláine i láthair mar “cearta leanaí a bhaint amach agus an deis a chomhlíonadh don uile leanbh le barr a chumais nó a cumais a bhaint amach” (Ich. 135). I gcomhthéacs churaclam na luath-óige, is rud é folláine atá fite fuaite in aidhmeanna ardaidhmeannacha an Chreata sa mhéid go dtugtar faoi deara gurb amhlaidh má chothaíonn naíonáin, lapadán agus leanaí óga caidrimh le daoine tábhachtacha ina saol, go dtacófar leo le haidhmeanna a bhaint amach maidir le bheith láidir go síceolaíoch agus go sóisialta; le bheith chomh folláin agus chomh gníomhaíoch agus is féidir; le bheith cruthaitheach,

spioradálta agus comhbhách; agus le bheith ina saoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha, ag a bhfuil dearcthaí dearfacha ar fhoghlaím agus ar an saol. Maidir leis na hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama a bhaineann leis an Téama in *Aistear* i leith Folláine, tugann Tisdall (2015) faoi deara go bhfuil “cumas ionsuite iontu le haghaidh uasmhéadú” a dhéanamh ar eispéiris naíonán, lapadán agus leanaí óga i suíomhanna luathbhlianta, cé go bhfuil “baol ann go gcuirfear béim ar na caighdeáin is ísle le cearta leanaí” (Ich. 12). Tá aghaidh a thabhairt ar chearta san oideachas ag brath ar roinnt fachtóirí, agus ós rud é go bhfuil sin ábhartha maidir le rannpháirteachas leis an gcreatchuraclam, tarraingítear aird leis sin ar thimpeallachtaí foghlama lena nurramaítear cearta chomh maith le hoideoirí mar ghníomhaithe a thugann urram do chearta (Quennerstedt agus Moody, 2020).

An ceart chun éisteacht a fháil

I staidéar Bae (2010), tugadh faoi deara go raibh claonadh ag an múinteoir breathnú ar cheart leanaí chun éisteacht a fháil agus chun bheith rannpháirteach mar rud a fhorbraíonn le himeacht aimsire agus b’annamh a luadh é sin maidir le leanaí faoi bhun trí bliana d’aois. Ar an drochuair, leanann sin de bheith amhlaidh sa taighde agus sa chleachtas (Tusla, 2021; French agus McKenna, 2022) inar féidir go nglactar cur chuige atharthaíoch agus díspeagúil i leith ‘cúram’ agus ‘oideachas’ a thabhairt do leanaí óga. Tacaíonn Taggart (2011; 2016) le luach níos mó a chur ar ghné an chúraim chun tacú le folláine leanaí agus cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le “cleachtas a athchoincheapú laistigh d’eitic pholaitiúil,” chun tacú le ‘cúram a thabhairt’ mar ghné inbhuanaithe de ról gairmiúil an phríomhtheagmhálaí a oibríonn leis an leanbh (2011, Ich. 94). Leis an gCoinbhinsiún, aithnítear go bhfuil leanaí óga spleách ar dhaoine eile ach áitítear nach faighteoirí éighníomhacha an chúraim sin agus sin amháin iad. Ina ionad sin, cuirtear i láthair iad mar “gníomhaithe sóisialta gníomhaíocha a lorgaíonn cosaint, cothú agus tuiscint” (NA, 2006; Ich. 8), agus tuiscint ar leas an linbh lena gcinntítear “teachtadh iomlán agus éifeachtach na gceart uile agus forbairt iomlánaíoch an linbh” (NA, 2013; Ich. 5). Agus machnamh á dhéanamh ar leas an linbh, in *Aistear* tacaítear le cur chuige an phríomhtheagmhálaí, lena gcinntítear go n-ainmnítear duine faoi leith do gach naíonán, lapadán agus leanbh óg, duine atá freagrach go príomha as dlúthchaidreamh a chruthú leo agus lena dteaghlach. Tar éis luach agus uathúlacht gach naíonáin, lapadáin agus linbh óig a bhunú i bPrionsabail an Chreata, tacaítear leis an oideoir chun luach a ról ghairmiúil féin a fheiceáil maidir le folláine agus foghlaim agus forbairt iomlánaíoch leanaí óga a chothú, agus an tidirnasc sin idir cúram agus oideachas a fheiceáil.

Breithníonn Lundy, McEvoy agus Byrne (2011) cur i bhfeidhm fadhbach Airteagal 12, ceart an linbh go n-éistfear lena chuid nó lena cuid tuairimí agus go dtabharfar tábhacht chuí dóibh, agus sin mar gheall ar spleáchas ar chomhar agus tacaíocht daoine fásta. Is fíor sin go háirithe nuair atáthar ag obair le leanaí anóg, ar féidir nach mbeidh na scileanna briathartha acu chun a gcuid smaointe agus tuairimí a chur in iúl. Trí Théama na Cumarsáide, in *Aistear* cuirtear íomhá i láthair de naíonáin, lapadáin agus leanaí óga atá in ann, ó dhúchas, cumarsáid a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar an domhan thart orthu. Léirítear ilmhódúlacht gutha linbh i gcur síos ar an iliomad bealaí a dhéanann leanaí cumarsáid, “lena náirítear ach gan bheith teoranta dóibh seo: gothaí gnúise; gothaí; iompraíochtaí; gluaiseachtaí coirp; gogalach; plobaireacht; teanga(cha); teicneolaíochtaí digiteacha agus oiriúnaitheacha; agus cumarsáid bhreisitheach agus mhalartach. D’fhéadfadh sé go n-úsáidfí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Lámh nó Braille chun cumarsáid a dhéanamh nó go gcuirfidís iad féin in iúl trí ealaín, marc-chruthú, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, scríbhneoireacht agus scéalta” (RnahÉ, 2024; Ich. 23).

Chun teacht ar ghuth an linbh i suíomh na luath-óige, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le rudaí a thabhairt faoi deara. Tá an gníomh seo de rudaí a thabhairt faoi deara go diongbháilte fréamhaithe i gcaidrimh mheasúla ina mbíonn an t-oideoir i dtiúin le leanaí agus nach bhfuil aon teorainneacha ann maidir le haois ná aibíocht. In *Aistear* tugtar treoir maidir lena bhfuil á chur in iúl ag gach leanbh a thabhairt faoi deara agus é a bhreithnú trí na meonta a léiríonn sé; na dearchtaí agus na luachanna a chuireann sé in iúl; an teolas agus na scileanna a chruthaítear; na hábhair spéise a thaispeánann sé nó a insíonn sé dúinn; na comhráite; agus an léirmhíniú ar chumarsáid agus idirghníomhaíochtaí briathartha agus neamhbhriathartha. Cuireann Lundy, McEvoy agus Byrne (2011) béim ar an gceart sin chun tú féin a chur in iúl a bheith fréamhaithe i saol agus gnáthamh laethúil an linbh. Leis an gCoinbhinsiún, aithnítear gur gá don duine fásta dearcadh leanbh-lárnach a ghlacadh agus meas a léiriú ar a bhfuil á chur in iúl ag an leanbh, agus sin chun an ceart rannpháirtíochta a bhaint amach sa chleachtas.

Le staidéar Quennerstedt (2016), léirítear conas a d'fhéadfaí sin a chur i ngníomh sa chleachtas ní hamháin trí éisteacht le guthanna na leanaí sa seomra naíonán, ach freisin trí luach a chur ar an gcion a dhéanann siad chun eolas a sholáthar agus tionchar a imirt ar a saol laethúil sa suíomh. Tagann tuiscint ar oideolaíocht mhall chaidreamhach, mar a mholtar sa chreachuraclam, leis an aird ómósach sin a thugtar ar thábhacht a nguth sa timpeallacht foghlama.

Spreagtar *Aistear* tríd an *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht* (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), 2019) ina bhfuil samhail rannpháirtíochta Lundy (2007) mar dhlúthchuid. Tugann Lundy (2007) breac-chuntas ar na coincheapa a bhaineann le 'spás', 'guth', 'lucht spéise' agus 'tionchar' lena bhfuil gá chun a chinntiú go seastar le cearta leanaí i gcomhréir le hAirteagal 12 de CCL. Tá níos mó ná láithreach fhísiciúil ag teastáil ón 'spás' a thugtar don leanbh, ach, ina ionad sin, cuirtear i láthair é in *Aistear* mar áit shábháilte ina bhfuil deis ag duine a bheith ann agus a chuid nó a cuid barúlacha agus tuairimí a chur in iúl. Cuireann Correia agus Aguiar (2022) samhail Lundy san áireamh ina gcuid oibre le leanaí idir 3 agus 6 bliana d'aois i suíomhanna ar fud na Beilge, na Gréige, na Polainne agus na Portaingéile agus tuairiscíonn siad ar an ngá atá ag gairmithe luathbhlianta chun 'guth' leanaí a spreagadh chun a gcuid ábhar spéise agus roghanna a shainaithint, ag teacht le béim *Aistear* ar churaclaim éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. Úsáideadh samhail Lundy freisin mar an bonn le comhairliúchán CNCM le naíonáin, lapadáin agus leanaí óga chun bonn eolais a chur faoin nuashonrú ar an gCreat (O'Toole, Walsh, Kerrins *et al.*, 2023; O'Toole, Ward, Walsh *et al.*, 2024). Tagann cur i bhfeidhm croineolaíoch beartaithe shamhail Lundy (2007) i bhforbairt cuir chuige oideolaíochta maidir le rannpháirtíocht fhóinteach naíonán, lapadán agus leanaí óga a éascú trína chinntiú go néistfear leo agus go bhfreagrófar dóibh. Is éard atá mar bhonn eolais le hoideolaíocht éisteachta den sórt sin, mar is gá, ná cur chuige mall agus cothaitheach, rud atá mar bhunús le cáilíocht na timpeallachta caidreamhaí a mholtar i bPrionsabail *Aistear*. Áitíonn Simpson *et al.* (2017) go bhféadfadh an t-oideolaíocht éisteachta cabhrú leis an oideoir a bheith níos tuisceanaí faoi thionchar na héagothroime agus an mhíbhuntáiste i saol leanaí agus, dá bhrí sin, go dtacódh sé nó sí le cumhachtú agus rannpháirtíocht leanaí sa timpeallacht foghlama. Thairis sin, shuigh O'Rourke *et al.* (2017) ina staidéar Éireannach ar chur i bhfeidhm *Aistear* (CNCM, 2009) i mbunscoileanna, go raibh tionchar cinnte ag caidrimh leanaí le piaraí, leis an teaghlach agus le múinteoirí ar cháilíocht a neispéireas sa suíomh.

Conclúid

In Éirinn, tá iarrachtaí faoi lánseol chun “an duibheagán a dhruim” (Lundy, 2012) in oideachas na hÉireann le forbairt an Chreata Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht (RLCMLÓ, 2019) ach tá dúshlán fós ann, áfach, chun a chinntiú go mbainfear CCL amach do gach leanbh. Trí bhunú Hub na nÓg (RLCMLÓ, 2023) mar ionad barr feabhais chun guth a thabhairt do leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht, agus trí fhoilsiú na n-uirlisí úsáide dá chuid le déanaí don aoisghrúpa níos óige sin (Hub na nÓg, 2024), tacaítear leo uile le próisis chun tacú le cearta naíonán, lapadán agus leanaí óga.

Ag dul ar aghaidh, aithníonn CNCM go n-éilítear in *Aistear* mar chreachuraclam náisiúnta na luath-óige go mbeidh acmhainní agus tacaíochtaí oideachasúla ann chun a chinntiú go mothóidh oideoirí muiníneach, cinnte agus cumhachtaithe ina ról chun cearta naíonán, lapadán agus leanaí óga a éascú agus a mholadh.

Rud atá thar a bheith tábhachtach, in *Aistear* tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le luach a chur ar ghuth an linbh ar bhealach atá ómósach, cothrom agus fiúntach agus ar oideoirí a spreagadh chun braistint fhíor iontais a bheith acu i leith inniúlachtaí naíonán, lapadán agus leanaí óga.

Tagairtí

Archard, D. agus Skivenes, M. (2009) 'Balancing a child's best interests and a child's views', *International Journal of Children's Rights*, 17, lgh. 1-21.

Bae, B. (2010) 'Realizing children's right to participation in early childhood settings: some critical issues in a Norwegian context', *Early Years* (30(3)), 205–218.

Bradshaw, J. (2014) 'Overview: Social Policies and Child Well-Being', in A. Ben-Arieh, F. Casas, I. Frønes agus J. Korbin (eagarthóirí), *Handbook of Child Well-Being*, Dordrecht: Springer, lgh. 2921-2943.

Chicken, S. agus Tyrie, J. (2023) 'Can you hear me? Problematising the enactment of UNCRC Article 12 in Welsh early years classrooms', *The International Journal of Children's Rights*, 31, lgh. 301-325.

Correia, N. agus Aguiar, C. (2022), 'Children's right to participate: The Lundy model applied to early childhood education and care', *The International Journal of Children's Rights*, 30, lgh. 378-405.

Comhairle na hEorpa (2022) *Council of Europe Strategy for the Rights of the Child 2022–2027*, an Fhrainc, le fáil ag: <https://rm.coe.int/council-of-europe-strategy-for-the-rights-of-the-child-2022-2027-child/1680a5ef27>

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), (2023) *Hub na nÓg*, le fáil ag: [Fúinne | Ag tabhairt guthanna do leanaí agus daoine óga | Hub Na nÓg \(hubnanog.ie\)](https://hubnanog.ie) [arna rochtain 02/01/2024]

An Coimisiún Eorpach, (2014) 'Proposal for key principles of a quality framework for early childhood education and care', *Report of the Working Group on Early Childhood Education and Care under the auspices of the European Commission*, le fáil ag: https://ec.europa.eu/assets/eac/education/experts-groups/2011-2013/ecec/ececquality-framework_en.pdf

An tAontas Eorpach (2021) *Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh agus an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh*, le fáil ag: [Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh agus an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh - an Coimisiún Eorpach](#)

French, G. agus McKenna, G. (2022) *Literature review to support the updating of Aistear, the Early Childhood Curriculum Framework*, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Gillett-Swan, J., Quennerstedt, A., agus Moody, Z. (2023) 'Theorising in Educational Children's Rights Research: A Systematic Review of Publications 2012–2021'. *The International Journal of Children's Rights* 31, 1, 137-166, Le fáil ó: Brill <https://doi.org/10.1163/15718182-31010003> [Arna rochtain an 3 Eanáir 2024]

Gottschalk, F. agus H. Borhan (2023), "Child participation in decision making: Implications for education and beyond", *OECD Education Working Papers*, Uimh. 301, Foilsitheoireacht ECCE, Páras, <https://doi.org/10.1787/a37eba6c-en>.

Rialtas na hÉireann (RnaÉ). (2018) *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028*. Baile Átha Cliath: Oifig Fhoilseacháin Rialtais, le fáil ag: <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/34577/56b889f715ef42f7a2ca5ae332d2bce8.pdf#page=null> [arna rochtain an 1 Eanáir 2024]

Hub na nÓg (2024) *Toolkit for including children in participation in decision-making from birth to 5 years*, Baile Átha Cliath: an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), le fáil ag: [Toolkit-for-Including-Children-in-Participation-in-Decision-making-from-Birth-to-5-Years-LR \(1\).pdf](#)

Lundy, L. (2007) 'Voice is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child', *British Educational Research Journal*, 927–942.

Lundy, L. (2012) 'Children's rights and educational policy in Europe: The implementation of the United Nations Convention on the Rights of the Child', *Oxford Review of Education*, 38:4, 393-41, le fáil ag: <http://dx.doi.org/10.1080/03054985.2012.704874>

Lundy, L. agus McEvoy, L. (2012) 'Childhood, the United Nations Convention on the Rights of the Child and research: what constitutes a 'rights-based' approach?' in: M. Freeman (Eag.) *Law and childhood* (Oxford, Oxford University Press).

Lundy, L. (2014), 'United Nations Convention on the Rights of the Child and Child-Wellbeing', A. Ben, Arie, F. Casas, I. Frønes agus J. Korbin (eagarthóirí), *Handbook of Child Well-Being*, Dordrecht: Springer.

Lundy, L., Murray, C., Smith, K. agus Ward, C. (2024). 'Young children's right to be heard on the quality of their education: Addressing potential misunderstandings in the context of early childhood education'. *British Educational Research Journal*, 00, 1
15. <https://doi.org/10.1002/berj.3968>

Malaguzzi, L., (1998) "History, ideas and basic philosophy", in Edwards, C., Gandini, L. agus Forman, G. (eagarthóirí), *The Hundred Languages of Children*, Norwood, NJ: Ablex.

Monta, Chiara Carla (2023). 'The meanings of "child participation" in international and European policies on children ('s rights): A content analysis', *European Educational Research Journal*, 22(1) 3-19, doi:10.1177/14749041211034971

Moss, P. (2014) *Transformation Change and Real Utopias: A story of democracy, experimentation and potentiality*, Londain: Routledge.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*, Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015) *Treoir chleachtais Aistear Síolta*.
Baile Átha Cliath:
CNCM, le fáil ag: <https://www.aistearsiolta.ie/ga/eolas/> [arna rochtain an 20 Nollaig 2023]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2023) *Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le hAistear a nuashonrú: Céim 1*. Baile Átha Cliath: CNCM. [key competencies report-senior-cycle 2023 ga.pdf \(ncca.ie\)](https://www.ncca.ie/key-competencies-report-senior-cycle-2023-ga.pdf)

O'Toole, L., Walsh, G., Kerrins, E., Doherty, A., Forde, D., Kelleher, F., McCartney, S., Stafford, P., Stokes, T., Matson, S. agus Mooney, E. (2023) *A Consultation with Babies, Toddlers and Young Children to Inform the Updating of Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework*, Baile Átha Cliath: CNCM. [consultationreport.pdf \(ncca.ie\)](https://www.ncca.ie/consultationreport.pdf)

O'Toole, L., Ward, C., Walsh, G., Stokes, T., McCartney, S., Forde, D., Doherty, A. agus Winter, F. (2024). A consultation with babies, toddlers and young children to inform the updating of Aistear, the Early Childhood Curriculum Framework (NCCA, 2009): Phase 2. Baile Átha Cliath: CNCM.

Quennerstedt, A., (2011) "The construction of children's rights in education – a research synthesis", *International Journal of Children's Rights* (19(4)), 661–678.
Doi:[10.1163/157181811X570708](https://doi.org/10.1163/157181811X570708).

Quennerstedt, A. (2016) 'Young children's enactments of human rights in early childhood education', *International Journal of Early Years Education*, 24:1, 5
18, DOI: [10.1080/09669760.2015.1096238](https://doi.org/10.1080/09669760.2015.1096238)

Skehill, S. agus Daly, M. (2023) 'Embedding sustainability in an updated Aistear', *An Leanbh Óg*, le fáil in 2024: [AN LEANBH ÓG JOURNALS – OMEP Ireland](https://www.leanbhogjournals.ie/omep-ireland)

Sorin, R. (2005) 'Changing images of childhood: Reconceptualising early childhood practice', *International Journal of Transitions in Childhood*, Iml. 1., le fáil ag: <https://citeseerx.ist.psu.edu/document?repid=rep1&type=pdf&doi=9594881ae4f396a654957f719b1bb4e3589d0819> [arna rochtain an 12 Eanáir 2019].

Taggart, G. (2011) 'Don't we care?: The ethics and emotional labour of early years Professionalism', *Early Years: An International Research Journal*. 31(1), 85- 89, le fáil ag: DOI: 10.1080/09575146.2010.536948.

Taggart, G. (2016) 'Compassionate pedagogy: the ethics of care in early childhood Professionalism', *European Early Childhood Education Research Journal*, 24(2), 173-185, le fáil ag: DOI: 10.1080/1350293X.2014.970847.

Tisdall, EKM 2015, 'Children's rights and children's wellbeing: Equivalent policy concepts?', *Journal of Social Policy*, Iml. 44, Uimh. 4, lgh. 807-823.
<https://doi.org/10.1017/S0047279415000306>

Tusla (2021), *Summary report of early years inspection reports 2018-2019: Analysis and trends*, le fáil ag: [Summary Report of Early Years Inspection Reports 2018- 2019 Analysis and Trends.pdf \(tusla.ie\)](#) [arna rochtain an 2 Eanáir 2024]

Na Náisiúin Aontaithe (1989) *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* (An Ghinéiv, na Náisiúin Aontaithe).

Na Náisiúin Aontaithe, Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2006) Tuairim ghinearálta Uimh. 7 maidir le cearta linbh a chur i bhfeidhm sa luath-óige, CRC/C/GC/7/Rev.1 (An Ghinéiv, na Náisiúin Aontaithe).

Na Náisiúin Aontaithe, Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2003) Tuairim ghinearálta Uimh. 5 Cur i bhfeidhm UN/CRC/GC/2003/1



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment